00-Rollbook-08 (p1-32) FINAL.ps 17/08/2009 10:18 Page 30

FORBAIRT NAÍONRAÍ TEORANTA

RIALACHA

NB : Ba chóir go mbeadh gach duine sa Naíonra eolach ar na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile), 2006, do na rialacha thíosluaite.

IONADAÍ DON NAÍONRA

(Féach Rialacháin 8 de na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) 2006 agus de na Treoir Mhínithe)

1. Meabhraítear don Choiste/Stiúrthóir an Naíonra go mba chóir a chur in iúl d'oifig FNT i scríbhinn ag tús na bliana (Naíonra) cé hí/hé an tIonadaí atá ar fáil don Naíonra i gcás go mbeadh an Stiúrthóir as láthair ón Naíonra trí thinneas, srl.
2. Moltar gan aon duine faoi aois 21 bliain feidhmiú mar Ionadaí i Naíonra léi/leis féin.
3. Moltar don duine sn a bheith cáilithe, nó taithí a bheith ag n duine sin i réimse an chúram leanaí.
4. Ní foláir don Ionadaí a bheith oiriúnach ó thaobh: Gaeilge, Sláinte and Cumas Freagrachta.
5. Ní foláir go mbeadh imréiteach faighte i leith an ionadaí ón nGarda Síochána.

GARCHABHAIR

(Féach Rialacháin 6 de na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) 2006 agus de na Treoir Mhínithe)

Tá sé riachtanach go mbeadh bosca garchabhrach dea-chóirithe ar áitreamh an Naíonra i gcónaí. Ba chóir go mbeadh Cúrsa Garchabhrach reatha déanta ag duine amháin sa Naíonra, ar a laghad.

TOBAC

(Féach An tAcht Sláinte 2004)

Níl cead tobac a chaitheamh sa Naíonra.

AINMHITHE/PEATAÍ

Moltar go láidir gan ainmhí (cat, madra, peataí eile) a bheith istigh sa Naíonra go rialta, ar eagla ailléirge a bheith ar aon leanbh.

00-Rollbook-08 (p1-32) FINAL.ps 17/08/2009 10:18 Page 31



FORBAIRT NAÍONRAÍ TEORANTA

RIALACHA

LEANBH LE TINNEAS, MÍCHUMAS, AILLÉIRGE NÓ RIACHTANAIS BREISE

(Féach Rialacháin 13 de na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) 2006 agus de na Treoir Mhínithe)

Má tá leanbh le tinneas, míchumas, ailléirge nó riachtanais breise chun freastail ar do Naíonra caithfear na rialacha seo a leanas a chomhlíonadh:

1. Go mbeadh beirt dhaoine fásta ar a laghad i láthair sa Naíonra i gcónaí
2. Go mbeadh an Stiúrthóir cinnte gur féidir léi déileáil leis an leanbh.
3. Nóta a fháil ón tuismitheoir/caomhnóir leis an t-eolas seo a leanas (agus an t-eolas seo a chur ar aghaidh chuig FNT láithreach) :
   (i) Ainm an linbh
   (ii) Seoladh an linbh
   (iii) Nótaí a bhaineann le cúram nó aire speisialta le tabhairt don leanbh sin, litreacha ón dochtúir san áireamh.
4. Níl cead ag aon Stiúrthóir nó ag éinne eile atá ag obair sa Naíonra aon instealladh a thabhairt do leanbh sa Naíonra. Caithfidh Tuismitheoir/ Caomhnóir an pháiste é sin a dhéanamh.
   Má tá deachracht le seo ba chóir dul i dteagmháil le hOifig FNT nó le Kidd Insurances ar 01 2079400.

Tinneas nó **galar tógála** :

Má bhíonn aon **tinneas** nó **galar tógálach**, mar shampla **Bruitíneach dhearg**, **Gaistríteas** (Gastritis) ar aon leanbh nó i gclann linbh Naíonra, tá sé riachtanach é sin a chur in iúl do gach tuismitheoir agus fógra mór sofheicthe, dátheangach scríofa a chur suas in áit a fheicfidh gach duine a thagann go dtí an Naíonra é.

IOMPAR LEANAÍ SA NAÍONRA

(Féach Rialacháin 9 de na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) 2006 agus de na Treoir Mhínithe)

Ba chóir iompar dímhúinte linbh a fhreastalaíonn ar sheirbhís reamhscoile a bhainistiú ar mhodh cineálta éifeachtach agus réasúnta. Ba chóir go n-úsáidfí modhanna dearfacha bainistíochta, trí pholasaithe agus cleachtais chuí, a chuidíonn le féinstiúradh, féinmeas agus comhoibriú, de réir aois agus staid forbartha an pháiste.

PIONÓS CORPARTHA

(Féach Rialacháin 9 de na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) 2006 agus de na Treoir Mhínithe)

Níl cead pionós corpartha a ghearradh ar aon leanbh a fhreastalaíonn ar an Naíonra.

00-Rollbook-08 (p1-32) FINAL.ps 17/08/2009 10:18 Page 32

Clár — Druil Dóiteáin

Mí	Dáta	Líon daoine fásta i láthair	Líon leanaí i láthair	Am tosaithe	Fad a thóg an druil	Síniú an Stiúrthóra
Meán Fómhair						
Deireadh Fómhair						
Samhain						
Nollaig						
Eanáir						
Feabhra						
Márta						
Aibreán						
Bealtaine						
Meitheamh						
Iúil						
Lúnasa						